Preasráiteas: an 22 Lúnasa 2023

Ealaín i gCoimisiún na nEalaíontóirí Tírdhreacha – Glaoch ar rannpháirtithe i gContae Uíbh Fhailí

Is cúis mhór áthais do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, do Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus d'Amharc-Ealaíontóirí Éireann a fhógairt go bhfuil an t-ealaíontóir idirnáisiúnta Hardeep Sahota roghnaithe le haghaidh coimisiún ealaíne i bPáirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí in Uíbh Fhailí agus i gConair Dhealbhóireachta Thír Sáile i Maigh Eo Thuaidh. Beidh Hardeep Sahota ag obair i gcomhar leis an ngrianghrafadóir Tim Smith ar an tionscadal seo. Mar chuid dá dtaighde agus dá rannpháirtíocht sa phobal beidh siad ag éascú dhá imeacht in Uíbh Fhailí go luath i mí Mheán Fómhair 2023.

Beidh an chéad imeacht *Bhur scéalta áitiúla faoi thionscail oibre* ar siúl Dé Luain, an 4 Meán Fómhair ó 2pm go dtí 4.30pm in Ealaíona Eascrach, Tulach Mhór. Cuirfear obair na n-ealaíontóirí i láthair agus taispeánfar an chaoi arb iad na tionscail oibre áitiúla is inspioráid don obair. Beidh deis ag daoine ina dhiaidh sin scéalta óna saol oibre a roinnt. An raibh tusa ag obair in aon cheann de na tionscail áitiúla iomadúla ar fud an réigiúin, cuir i gcás teicstílí, baint móna, feirmeoireacht, drioglann nó aon tionscal eile? Má bhí, bí linn ag an imeacht seo. Beidh na healaíontóirí ag cíoradh na tábhachta a bhaineann le tionsclaíocht, le féiniúlacht agus le háit d'fhonn a bhfuil faighte amach acu a cheiliúradh trí chumasc d'ealaín, grianghrafadóireacht, damhsa, fuaimdhreach a coimisiúnaíodh go speisialta agus scannán gearr.

Beidh an dara himeacht *Buail faoi – Damhsa agus Péinteáil Solais!* ar siúl Dé Luain, an 4 Meán Fómhair ó 6pm go dtí 7.30pm i Lárionad Ealaíon Eascrach, Tulach Mhór. Bí leis an ealaíontóir idirnáisiúnta Hardeep Sahota chun Damhsa Indiach beoga a fhoghlaim chomh maith le buneolas ar an 'bpéinteáil' le solas, le tacaíocht ón ngrianghrafadóir aitheanta Tim Smith. Tá fáilte roimh dhamhsóirí de gach aois, stíl agus cumas páirt a ghlacadh sa cheardlann péinteála solais seo. Sa tionscadal spreagúil nua seo cíorfar do chuid stíleanna damhsa aonair trí phéinteáil solais. Cuirfidh na híomhánna seo, ar a seal, bonn eolais faoi thionscadal níos mó ina gcíortar gluaiseacht, féiniúlacht agus áit. Is damhsa tíre agus foirm cheoil thraidisiúnta fhuinniúil é an Bhangra a tháinig ó Phuinseáb san Áise Theas i dtosach. Sa cheardlann idirghníomhach seo, taispeánfaidh an cleachtóir atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe, Hardeep Sahota, roinnt gluaiseachtaí Bhangra atá éasca le foghlaim agus a mbeidh tú in ann iad a leanúint. Beidh deis agat ansin triail a bhaint as grianghrafadóireacht fadnochta agus tú ag úsáid ceamaraí digiteacha agus soilse. Ní mór áit a chur in áirithe, is féidir dul i dteagmháil le hEalaíona Eascrach chun é sin a dhéanamh.

Is cuid d'Ealaín sa Tírdhreach é an coimisiún ealaíne seo. Is tionscadal í Ealaín sa Tírdhreach faoi cheannas Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, i gcomhar leis na heagraíochtaí comhpháirtíochta Bord na Móna, Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí, Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Amharc-Ealaíontóirí Éireann. Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí i gContae Uíbh Fhailí agus Conair Dhealbhóireachta Thír Sáile i Maigh Eo Thuaidh, dhá cheann de na páirceanna/conairí dealbhóireachta is mó in Éirinn, is inspioráid don tionscadal. Sa chéim seo den tionscadal fillfear ar an gcomhthéacs áitiúil agus díreofar ar ghnéithe d'Ealaín sa Tírdhreach a bhaineann go dlúth le gach ceantar, trí thionscadail atá treoraithe ag ealaíontóir agus trí imeachtaí ag a mbíonn daoine i láthair go pearsanta. Mar chuid den chéim seo beidh coimisiún ealaíontóra ag Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí, Contae Uíbh Fhailí agus i Maigh Eo Thuaidh agus Féile um Athrú in 2024. Beidh Teacht le Chéile Amharc-Ealaíontóirí Éireann ar siúl ag Ealaíona Eascrach i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus tá sé cleamhnaithe leis an tionscadal seo. Tá an tionscadal seo maoinithe ag scéim na Comhairle Ealaíon *Cuireadh chun Comhoibrithe (Invitation to Collaboration)*.

Tá an-áthas ar na comhpháirtithe a bheith ag obair le Helen Pheby, Coimeádaí, Páirc Dhealbhóireachta Yorkshire, a bheidh i mbun coimeádaíochta ar choimisiúin na n-ealaíontóirí agus a mbeidh treoir choimeádaíochta fhoriomlán an tionscadail faoina cúram. Is í Helen Pheby an Stiúrthóir Comhlach, Clár, ag Páirc Dhealbhóireachta Yorkshire. Turas scoile go Páirc Dhealbhóireachta Yorkshire agus oidhreacht chultúrtha Yorkshire Thiar is inspioráid do ghairm bheatha Helen. Bhí sí i mbun coimeádaíochta ar a lán tionscadail ealaíontóirí sa Ríocht Aontaithe agus thar lear lena n-áirítear 'Ealaín tríd an Ríomhphost/Art by

Email', i gcomhpháirt le ArtRole, a thug ardán d'ealaíontóirí i gceantair choimhlinte. Bhí Helen ag cur comhairle ar Bhailiúchán na Comhairle Ealaíon, Sasana (2016-17) agus ba í an Cathaoirleach í ar Thionscadail UP (2019-22). Is Comh-Imscrúdaitheoir í de chuid tionscadal taighde atá maoinithe ag an gComhairle um Thaighde ar na hEalaíona agus ar na Daonnachtaí agus ar chuir an Lárionad um Chearta Daonna Feidhmeacha in Ollscoil York tús leis. Sa tionscadal seo cuirtear an cheist: "An féidir leis an ealaín cearta an duine a shábháil?"

Is ealaíontóir ildisciplíneach agus acadóir é Hardeep Sahota a bhfuil a cháil amuigh mar gheall ar a chuid oibre i réimse an Bhangra. Ina leabhar a moladh go forleathan, *Bhangra: Mystics, Music and Migration*, cíortar bunús an amhráin tíre agus damhsa seo ó Phuinseáb san Áise Theas agus an fhorbairt a tháinig air sa chaoi is gur cuid de chultúr nua-aimseartha na Breataine é i bhfuaimdhreach hibrideach Bhangra na Breataine agus taobh amuigh de sin. Is múinteoir meánscoile ealaíne é Hardeep freisin, agus tá sé ina Chomhalta Cleamhnaí ag Ollscoil Huddersfield mar aitheantas ar a chuid taighde agus ar a chuid oibre sa phobal áitiúil. Dá thaispeántas 'Léacsacan Bhangra/Bhangra Lexicon' ag Páirc Dhealbhóireachta Yorkshire, bhí sé ag obair i gcomhar leis an ngrianghrafadóir Tim Smith chun damhsa, gluaiseachtaí colainne agus geáitsí a bhaineann le Bhangra a ghlacadh agus é ag úsáid soilse daite agus grianghrafadóireacht fadnochta. Tá sé fós ag déanamh staidéir ar an damhsa, rud a raibh suim thar na bearta aige ann i rith a shaoil, trí cháilíochtaí gearrshaolacha na péinteála solais agus trí chíoradh cruthaitheach eile.

Is saorghrianghrafadóir é Tim Smith a dhéanann obair eagarthóireachta agus thráchtála agus a bhíonn ag plé freisin le taispeántais, le foilsiú agus le tionscadail meán measctha. Tá sé lonnaithe in Yorkshire. An réigiún agus a phobail ilchineálacha a chuir an inspioráid ar fáil agus a sheol ar aghaidh é chuig tionscadail náisiúnta agus idirnáisiúnta arbh é an toradh a bhí orthu ná na scórtha taispeántas a ndeachthas ar camchuairt leo i níos mó ná fiche tír ar fud an domhain agus a taispeánadh in aon leabhar déag. Ina lán den obair seo cíortar na naisc idir an Bhreatain agus daoine agus áiteanna i gcodanna eile den domhan. Is ball é de Panos Pictures. Seasann an ghníomhaireacht seo, atá lonnaithe i Londain agus a bhfuil clú agus cáil uirthi, d'fhóta-iriseoirí ar fud an domhain a phléann le saincheisteanna nach ndéantar dóthain tuairiscithe orthu, a ndéantar mífhaisnéis orthu nó a ndéantar neamhaird díobh.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar an tionscadal, téigh i dteagmháil leis an Oifig Ealaíon, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, ríomhphost arts@offalycoco.ie nó, más maith leat áit a chur in áirithe, téigh i dteagmháil le hEalaíona Eascrach, guthán 057-9383801, ríomhphost info@eskerarts.ie